

## Sábháilteacht ar bhóithre

### Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi shábháilteacht ar bhóithre. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a cheangal leis na focail ar dheis?

|                             |                                      |
|-----------------------------|--------------------------------------|
| 1. lánmhuiníneach           | a. <i>the figures show</i>           |
| 2. feachtas Nollag          | b. <i>serious injuries</i>           |
| 3. gortuithe tromchúiseacha | c. <i>Christmas campaign</i>         |
| 4. léiríonn na figiúirí     | d. <i>fully confident</i>            |
| 5. daoine scothaosta        | e. <i>elderly people</i>             |
| 6. maidir le líomhaintí     | f. <i>completely changed</i>         |
| 7. tiomanta maidir le       | g. <i>committed to</i>               |
| 8. athraithe as cuimse      | h. <i>with regard to allegations</i> |

|   |   |   |   |   |   |   |   |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|   |   |   |   |   |   |   |   |

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

### Ceist 2

Féach ar an mhír uair amháin eile agus féach ar na habairtí seo a leanas. An bhfuil siad fíor nó bréagach?

1. Ba é an tAire Varadkar a sheol an feachtas.
2. Bhí trí ghrúpa (eagraíocht) éagsúla i láthair ag seoladh an fheachtais.
3. Maraíodh 20,000 duine i dtimpistí bóthair idir 1996 agus 2011.
4. Bhí Elaine Hanley ag obair mar altra anuraidh.
5. Níltear cinnte go fóill ar chuir Gardaí pointí pionóis daoine áirithe ar ceal.
6. Níl an tAire Varadkar sásta le fiosrúchán na nGardaí.

|   |   |   |   |   |   |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|   |   |   |   |   |   |

### Ceist 3

Éist leis an mhír uair amháin eile gan féachaint ar nótaí ar bith. Déan cur síos don duine in aice leat ar arthuig tú.

**Ceist 4** ‘...a saol...’

An féidir leat an leagan ceart den aidiacht shealbhach a sholáthar i ngach cás thíos?

|          |             |            |               |
|----------|-------------|------------|---------------|
| mo _____ | (my life)   | ár _____   | (our lives)   |
| do _____ | (your life) | bhur _____ | (your lives)  |
| a _____  | (his life)  | a _____    | (their lives) |
| a saol   | (her life)  |            |               |

**Ceist 5** ‘...gortuithe tromchúiseacha...’

Má bhíonn ainmfhocal san uimhir iolra, caithfidh an aidiacht atá ag teacht ina dhiaidh a bheith san iolra chomh maith:

gortú tromchúiseach **ach** gortuithe tromchúiseacha

Féach ar na hathruithe a dhéantar ar dheireadh na ngrúpaí aidiachtaí:

- Cuirtear **-a** le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan leathan san uimhir uatha (m.sh. balla ard - ballaí arda)
- Cuirtear **-e** le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan caol san uimhir uatha (m.sh. guth binn - guthanna binne)
- Athraíonn **-úil go -úla** (m.sh. duine suimiúil - daoine suimiúla)
- Athraíonn **-air go -ra** (m.sh. scrúdú deacair - scrúduithe deacra)
- Ní athraíonn aidiacht a chríochnaíonn ar ghuta san uimhir uatha (m.sh. lá fada - laethanta fada)

An féidir leat féin agus an duine in aice leat uimhir iolra na n-aidiachtaí a chur ar fáil i ngach cás thíos?:

|                             |       |
|-----------------------------|-------|
| athrú mór – athruithe       | _____ |
| cóta dearg – cótaí          | _____ |
| duine éirimiúil – daoine    | _____ |
| lá fuar – laethanta         | _____ |
| dalta eisceachtúil – daltaí | _____ |
| dán tábhachtach – dánta     | _____ |
| madra socair – madraí       | _____ |

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cén fáth, dar leat, a bhfuil an feachtas á sheoladh i mí na Nollag?
- Cad í do bharúil faoi na fógraí teilifíse ar shábháilteacht ar bhóithre?
- Cad is cúis, do bharúil, leis na timpistí bóthair a tharlaíonn sa tír seo?

## Freagraí

### Ceist 1

|   |   |   |   |   |   |   |   |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
| d | c | b | a | e | h | g | f |

### Ceist 2

|      |      |          |      |      |          |
|------|------|----------|------|------|----------|
| 1    | 2    | 3        | 4    | 5    | 6        |
| Fíor | Fíor | Bréagach | Fíor | Fíor | Bréagach |

### Ceist 3

Tabhair deis do na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh dá chéile.

### Ceist 4

|          |                      |           |                        |
|----------|----------------------|-----------|------------------------|
| mo shaol | ( <i>my life</i> )   | ár saol   | ( <i>our lives</i> )   |
| do shaol | ( <i>your life</i> ) | bhur saol | ( <i>your lives</i> )  |
| a shaol  | ( <i>his life</i> )  | a saol    | ( <i>their lives</i> ) |
| a saol   | ( <i>her life</i> )  |           |                        |

### Ceist 5

|                    |                            |
|--------------------|----------------------------|
| athrú mór          | athruithe <b>móra</b>      |
| cóta dearg         | cótaí <b>dearga</b>        |
| duine éirimiúil    | daoine <b>éirimiúla</b>    |
| lá fuar            | laethanta <b>fuara</b>     |
| dalta eisceachtúil | daltaí <b>eisceachtúla</b> |
| dán tábhachtach    | dánta <b>tábhachtacha</b>  |
| madra socair       | madraí <b>socra</b>        |

### Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

## Eibhlín Ní Choisdealbha

Dúirt an tAire Iompair Leo Varadkar, go bhfuil lánmhuinín aige sa bhfiosrúchán<sup>i</sup> atá ar bun ag an nGarda Síochána faoi na líomhaintí gur chuir<sup>ii</sup> Gardaí sinsearacha pointí pionóis ar ceal do dhaoine áirithe. Sheol an tAire feachtas Nollag – sábháilteacht ar bhóithre - ar maidin.

## Sorcha Ní Riada

Sheol an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána feachtas an lae inniu i dteannta an Aonaid Náisiúnta um Ghortú Dromlaigh in ospidéal an Mater mar go bhfuil an feachtas i mbliana dírithe ar ghortuithe tromchúiseacha a fhaigheann daoine i dtimpistí bóthair. Léiríonn na figiúirí gur gortaíodh beagnach fiche míle duine go dona idir 1996 agus 2011.

Ina measc siúd ag ócáid an lae inniu bhí Elaine Hanley, cailín óg a bhí ina haltra<sup>iii</sup> ag tabhairt aire do dhaoine scothaosta nuair a gortaíodh go dona i dtimpiste bhóthair<sup>iv</sup> í anuraidh. Tá an mothú cailte aici óna hucht síos agus a saol athraithe as cuimse dá bharr. Dúirt Martin Callinan, coimisinéir an Gharda Síochána go bhfuil na Gardaí tiomanta maidir le sábháilteacht<sup>v</sup> ar na bóithre. Dúirt sé leis go bhfuil fiosrúchán iomlán cuimsitheach ar bun ag an nGarda Síochána maidir le líomhaintí gur cuireadh pointí pionóis do roinnt daoine ar ceal. Dúirt an tAire Iompair, Leo Varadkar, go bhfuil muinín aige siúd (féin) leis, sa bhfiosrúchán atá ar bun ag na Gardaí. I gcás timpistí bóthair, meastar go ngortaítear ochtar go dona in aghaidh gach duine a mharaítear ar na bóithre.

---

<sup>i</sup> *san fhiosrúchán* atá sa chaighdeán

<sup>ii</sup> *go gcuir* a deirtear

<sup>iii</sup> *ina altra* a deirtear

<sup>iv</sup> *bóthair* a deirtear

<sup>v</sup> *shábháilteacht* a deirtear